# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2023**

## CUNTASAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

**(400 marc)**

DÉ CÉADAOIN 21 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 5.00

**Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn**:

| **Roinn 1**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (120 marc). |
|---|
| Tá ceithre cheist sa roinn seo (na hUimhreacha 1 – 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist **(A nó B)** agus tá 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile. Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin (A nó B)** a fhreagairt NÓ **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo. |

| **Roinn 2**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (200 marc). |
|---|
| Tá trí cheist sa roinn seo (na hUimhreacha 5 – 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist díobh. Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann de na ceisteanna seo a fhreagairt. |

| **Roinn 3**: **Cuntasaíocht Bhainistíochta** (80 marc). |
|---|
| Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhir 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist díobh. Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt. |

| **Áireamháin** |
|---|
| Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus na ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt. Tá sé fíorthábhachtach an t-oibriú amach a thaispeáint s(n)a f(h)reagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair atá ceart. |

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2023 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

**ROINN 1 (120 Marc)**
Freagair **Ceist 1(A)** NÓ **1(B)** NÓ **DHÁ** cheist ar bith eile

**1.** Freagair **(A)** NÓ **(B)**

**(A) Trádálaí Aonair – Cuntais Deiridh**

Baineadh an comhardú trialach seo thíos as leabhair U. Uí Laochdha ar 31/12/2022:

| | € | € |
|---|---|---|
| Paitinní (2 mhí d'ioncam infheistíochta san áireamh) | 48,800 | |
| Talamh agus foirgnimh | 850,000 | |
| Dímheas carntha – talamh agus foirgnimh | | 105,000 |
| Veaineanna seachadta | 480,000 | |
| Dímheas carntha – veaineanna seachadta | | 70,000 |
| Trealamh ar a chostas | 153,500 | |
| Lascaine (glan) | | 7,700 |
| Infheistíochtaí 4% a fuarthas ar 01/07/2022 | 180,000 | |
| Stoc 01/01/2022 | 70,700 | |
| Díolacháin | | 1,848,900 |
| Ceannacháin | 1,193,500 | |
| Tuarastail agus speansais ghinearálta (fionraí san áireamh) | 136,400 | |
| Fógraíocht | 16,000 | |
| Ioncam infheistíochta faighte | | 2,200 |
| Tarraingtí | 45,000 | |
| Rátaí | 42,800 | |
| ÍMAT, ÁSPC & MSU | | 4,700 |
| CBL | | 11,900 |
| Banc | | 53,600 |
| 3% Morgáiste Seasta (lena n-áirítear €50,000 a eisíodh ar 01/06/2022) | | 320,000 |
| Ús morgáiste íoctha do na chéad 4 mhí | 2,300 | |
| Féichiúnaithe agus creidiúnaithe | 67,700 | 98,600 |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | | 2,100 |
| Caipiteal | | 762,000 |
| | 3,286,700 | 3,286,700 |

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

(i) Bhí luach €82,600 ar stoc ar a chostas ar 31/12/2022. San áireamh san fhigiúr seo tá stoc damáistithe a chosain €5,800 ach a bhfuil glanluach inréadaithe de 75% den chostas air anois.

(ii) Bhí earraí, a ceannaíodh ar cairde ó sholáthraí, faoi bhealach ar 31/12/2022. Fuarthas sonrasc do na hearraí seo ar €15,375 a raibh CBL 23% san áireamh ann. Ní dhearnadh taifead ar bith sna leabhair maidir leis an mbeart seo.

(iii) Déan soláthar do dhímheas ar veaineanna seachadta ag an ráta bliantúil 20% dá gcostas ón dáta ceannaigh go dtí an dáta díola.

Nóta: Ar 30/09/2022 trádáladh isteach veain seachadta a chosain €35,000 ar 30/06/2018 in aghaidh veain nua a chosain €80,000. Tugadh lamháltas de €3,000 ar an tsean-veain seachadta. Iontráladh an t-aistriú bainc do ghlanmhéid an bhirt seo go cuí sa chuntas bainc ach caitheadh go hearráideach leis mar cheannach stoc trádála. Ba iad seo amháin na hiontrálacha a rinneadh sna leabhair maidir leis na bearta seo.

(iv) Tarlaíonn an figiúr fionraí mar gheall ar an bhfigiúr earráideach d'ús morgáiste (cé go ndearnadh an iontráil cheart sa chuntas bainc) agus lascaine de €600 a fuarthas agus a iontráladh sa chuntas lascaine amháin.

(v) Tá paitinní (lena n-áirítear 2 mhí d'ioncam infheistíochta) á ndíscríobh thar thréimhse 10 mbliana, a thosaigh in 2020.

(vi) Ní dhearnadh taifead ar bith ar earraí a thóg Ó Laochdha dá úsáid phearsanta le linn na bliana. Bhí luach díola €3,600 ar na hearraí arb é a gcostas móide 20% é.

(vii) Rinne an chuideachta an talamh agus na foirgnimh a athluacháil ar €950,000 ar 01/01/2022. Baineann €200,000 den luach nua sin leis an talamh. Tá an athluacháil fós le léiriú sna cuntais. Tá na foirgnimh le dímheas de réir ráta 2% dá gcostas in aghaidh na bliana.

(viii) Baineadh an figiúr don chuntas bainc sa chomhardú trialach as taifid an ghnólachta féin. Léiríonn ráiteas bainc dar dáta 31/12/2022, áfach, rótharraingt bhainc €50,300. Cuireadh an cuntas bainc agus an ráiteas bainc i gcomparáid le chéile agus nochtadh na míréitigh seo:

1. Fuarthas aistriú creidmheasa €1,500 ar 31/12/2022 i leith fiach de €1,700 a díscríobhadh roimhe sin mar dhrochfhiach. D'aontaigh an féichiúnaí an fuílleach a íoc laistigh de 2 mhí. Ní dhearnadh aon iontráil sna leabhair chun an beart seo a thaifeadadh.
2. Ní dhearnadh seic €1,800, a eisíodh chuig stiúrthóir, a sheachadadh chun íoctha fós.

(ix) Ba cheart soláthar a dhéanamh dóibh seo a leanas:

1. Ioncam infheistíochta dlite agus ús morgáiste dlite.
   (Nóta: Tá 20% den ús morgáiste don bhliain le cur i leith na coda príobháidí den fhoirgneamh.)
2. Tá soláthar in aghaidh drochfhiach le coigeartú go 6% d'fhéichiúnaithe.
3. Tá trealamh le dímheas ag 10% dá chostas in aghaidh na bliana.

**Iarrtar ort**:

**(a)** Cuntas trádála, brabúis agus caillteanais a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2022. (75)

**(b)** Clár comhardaithe a ullmhú mar a bhí ar 31/12/2022. (45)

**(120 marc)**

**(B) Cuntais Deiridh Cuideachta**

Tá caipiteal údaraithe de €1,400,000 ag Leamhán Thoir Teo atá roinnte ina 900,000 gnáthscair de €1 an ceann agus 500,000 scair thosaíochta 4% de €1 an ceann. Baineadh an comhardú trialach seo a leanas as na leabhair ar 31/12/2022:

| | € | € |
|---|---|---|
| Talamh agus foirgnimh ar a gcostas | 950,000 | |
| Dímheas carntha – talamh agus foirgnimh | | 120,000 |
| Trealamh oifige (costas €65,000) | 32,000 | |
| Veaineanna seachadta (costas €175,000) | 135,000 | |
| Stoc ar láimh 01/01/2022 | 55,400 | |
| Paitinn (5 mhí d'ioncam infheistíochta san áireamh) | 53,300 | |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2022 | 59,000 | |
| Lascaine (glan) | | 5,100 |
| Ceannacháin agus díolacháin | 758,000 | 1,150,000 |
| Táillí stiúrthóirí | 23,300 | |
| Féichiúnaithe agus creidiúnaithe | 92,300 | 65,200 |
| Banc | | 33,400 |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | | 6,200 |
| Fógraíocht | 6,700 | |
| Infheistíochtaí 3% a fuarthas ar 01/02/2022 | 124,000 | |
| Tuarastail agus speansais ghinearálta (fionraí san áireamh) | 232,400 | |
| Cíos a fuarthas | | 18,000 |
| Ús bintiúir a íocadh do na chéad 4 mhí | 6,400 | |
| Bintiúir 6% (lena n-áirítear €60,000 a eisíodh ar 01/06/2022) | | 280,000 |
| CBL | 2,300 | |
| Díbhinní íoctha | 45,000 | |
| ÍMAT, ÁSPC & MSU | | 48,200 |
| Cúlchiste caipitil | | 39,000 |
| Gnáth-scairchaipiteal | | 730,000 |
| Scairchaipiteal tosaíochta 4% | | 80,000 |
| | 2,575,100 | 2,575,100 |

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

(i) Bhí luach €95,200 ar stoc ar chostas ar 31/12/2022. San áireamh san fhigiúr sin bhí stoc damáistithe a chosain €7,200 ach a bhfuil glanluach inréadaithe de 25% den chostas air anois.

(ii) Tá paitinní, a bhfuil 5 mhí d’ioncam infheistíochta san áireamh iontu, á ndíscríobh thar thréimhse 6 bliana a thosaigh in 2021.

(iii) Ní dhearnadh taifead ar bith sna leabhair i gcás ‘earraí faoi bhealach’ ar 31/12/2022. Fuarthas sonrasc do na hearraí seo ar €19,680, CBL 23% san áireamh.

(iv) Cuireadh earraí a raibh praghas miondíola de €12,000 orthu ar ais chuig soláthraí. Iontráladh é sin i gceart sna leabhair. Ba é an praghas miondíola an costas móide 25%. D’eisigh an soláthraí nóta creidmheasa a thaispeáin táille athstocála de 10% den chostphraghas. Ní dhearnadh aon iontráil maidir leis an táille athstocála.

(v) Déan soláthar do dhímheas ar veaineanna seachadta ag an ráta bliantúil de 15% dá gcostas ón dáta ceannaigh go dtí an dáta díola.
Nóta: Ar 30/04/2022 trádáladh isteach veain seachadta a chosain €36,000 ar 30/06/2019 in aghaidh veain nua a chosain €45,000. Tugadh lamháltas de €18,000 ar an tsean-veain. Iontráladh an t-aistriú bainc do ghlanmhéid an bhirt seo go cuí sa chuntas bainc ach caitheadh go hearráideach leis mar cheannach stoc trádála. Ba iad seo amháin na hiontrálacha a rinneadh sna leabhair maidir leis na bearta seo.

(vi) Tarlaíonn an figiúr fionraí mar gheall ar an bhfigiúr earráideach d’ús bintiúir (cé go ndearnadh an iontráil chuí sa chuntas bainc) agus ar íocaíocht €4,500 le haghaidh ÍMAT, ÁSPC agus MSU a iontráladh ar an taobh mícheart den chuntas ÍMAT, ÁSPC agus MSU (rinneadh an iontráil cheart sa chuntas bainc).

(vii) Rinne an chuideachta an talamh agus na foirgnimh a athluacháil ar €1,100,000 ar 01/01/2022. Baineann €300,000 den luach nua leis an talamh. Tá an athluacháil fós le léiriú sna cuntais. Déantar na foirgnimh a dhímheas ag ráta 2% dá gcostas in aghaidh na bliana.

(viii) Baineadh an figiúr don bhanc sa chomhardú trialach as taifid an ghnólachta féin. Léiríonn ráiteas bainc dar dáta 31/12/2022, áfach, rótharraingt de €31,200. Cuireadh an cuntas bainc agus an ráiteas bainc i gcomparáid le chéile agus nochtadh na míréitigh seo:
1. Íocadh aistriú creidmheasa de €900 go díreach isteach i gcuntas bainc an ghnólachta thar ceann féichiúnaí a dearbhaíodh ina fhéimheach le déanaí. Ba í seo an chéad íocaíocht agus an íocaíocht deiridh de 30c in aghaidh an €.
2. Ní dhearnadh seic de €1,300, a eisíodh chuig stiúrthóir, a sheachadadh chun íoctha fós.

(ix) Molann na Stiúrthóirí:
1. Gur cheart soláthar a dhéanamh d’ioncam infheistíochta dlite agus d’ús bintiúir dlite.
2. Go ndéanfaí trealamh a dhímheas de 10% dá luach in aghaidh na bliana ar bhonn iarmhéid laghdaitheach.
3. Go ndéanfaí soláthar in aghaidh drochfhiach a choigeartú go 6% de na féichiúnaithe.
4. Go ndéanfaí soláthar de €35,000 do cháin chorparáide.

**Iarrtar ort iad seo a ullmhú:**

**(a)** Cuntas trádála, brabúis agus caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2022. (75)

**(b)** Clár comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2022. (45)

(**120 marc)**

**2. Taifid Neamhiomlána**

Ar 01/01/2022, cheannaigh P. Mac an Aoire gnólacht ina raibh na sócmhainní inláimhsithe agus na dliteanais seo a leanas ar áireamh ann:

> Foirgnimh €300,000; stoc €63,000; féichiúnaithe €73,200; trealamh €70,000;
> pá dlite €1,700; creidiúnaithe trádála €57,700; rátaí réamhíoctha (1 mhí) €450;
> veain seachadta €35,000 agus airgead €300.

Le linn 2022 níor choinnigh Mac an Aoire sraith iomlán cuntas ach bhí sé in ann an t-eolas seo a leanas a chur ar fáil don bhliain dar críoch 31/12/2022:

| | |
|---|---|
| Íocaíochtaí Airgid: | Lóisteálacha €196,000; speansais ghinearálta €12,500; ceannacháin €84,000. |
| Íocaíochtaí Bainc: | Ús €3,300; creidiúnaithe €37,000; rátaí do 12 mhí €6,000; speansais ghinearálta €81,000; trealamh (a ceannaíodh ar 01/05/2022) €24,000; solas agus teas €20,700. San áireamh san íocaíocht i leith speansais ghinearálta tá íocaíocht €4,100 i leith bille díosail. Meastar gur bhain 20% den bhille díosail seo le húsáid phríobháideach Mhic an Aoire. |
| Lóisteálacha bainc: | Féichiúnaithe €46,000; airgead €196,000. |

Gach seachtain thóg Mac an Aoire earraí de luach €120 as stoc agus airgead €180 do speansais tí.

Ar 01/08/2022 thóg Mac an Aoire €150,000 ar iasacht agus úsáideadh é sin ar fad chun foirgneamh tadhlach a cheannach ar an dáta céanna. Bhí ús le gearradh ar an iasacht de réir ráta 7% in aghaidh na bliana. Tá an tsuim chaipitil a fuarthas ar iasacht le haisíoc trí chiste infheistíochta a cuireadh ar bun. Rinneadh íocaíochtaí isteach sa chiste infheistíochta seo ó chuntas bainc an ghnólachta. Bhí ús de €150 gnóthaithe ag an gciste faoi 31/12/2022.

Mheas Mac an Aoire gur cheart 15% den solas agus teas a úsáideadh agus 20% den ús iníoctha a chur i leith úsáid phríobháideach.

Bheartaigh Mac an Aoire go ndéanfaí trealamh a dhímheas de 10% dá gcostas in aghaidh na bliana, foirgnimh de 2% dá gcostas in aghaidh na bliana, agus veaineanna seachadta de 20% dá gcostas in aghaidh na bliana.

Tá cinneadh déanta ag Mac an Aoire soláthar in aghaidh drochfhiach i dtaca le 4% d'fhéichiúnaithe a chur i bhfeidhm ar 31/12/2022.

San áireamh i sócmhainní agus dliteanais an ghnólachta ar 31/12/2022 bhí stoc €40,700 (stoc ola téimh €500 san áireamh); mar aon le leictreachas dlite €700; féichiúnaithe €43,000; creidiúnaithe trádála €55,400; airgead €430; agus pá dlite €1,400.

**Iarrtar ort:**

**(a)** An cuntas trádála, brabúis agus caillteanais a ullmhú do Mhac an Aoire don bhliain dar críoch 31/12/2022. (Taispeáin do chuid oibre). (52)

**(b)** (i) Cén t-eolas breise a bheadh ar fáil do Mhac an Aoire dá mbeadh córas iontrála dúbailte á úsáid aige chun taifead a choimeád ar bhearta airgeadais?

(ii) Cén chomhairle a chuirfeá ar Mhac an Aoire maidir le taifid a choimeád? (8)

**(60 marc)**

**3. Cuntas Rialúcháin Creidiúnaithe**

Thaispeáin cuntas rialúcháin mhórleabhar na gcreidiúnaithe ag T. Ó Gallchóir na hiarmhéideanna seo: €48,760 sr agus €280 dr ar 31/12/2022. Níor réitigh na figiúirí seo le sceideal (liosta) iarmhéideanna na gcreidiúnaithe a baineadh amach ar an dáta céanna. Léirigh scrúdú ar na leabhair an t-eolas seo a leanas:

(i) Iontráladh ceannacháin €9,570 ar thaobh an dochair i gcuntas soláthraí. San áireamh ansin bhí ceannacháin airgid €2,300.

(ii) Fuair Ó Gallchóir sonrasc do €730 ó sholáthraí. Iontráladh é sin sa leabhar lae cuí mar €370. Nuair a bhíothas á bhreacadh sa mhórleabhar ón leabhar lae, áfach, ní dhearnadh aon iontráil i gcuntas an tsoláthraí.

(iii) Taifeadadh lascaine €94 nár lamháil soláthraí mar lascaine fhaighte de €90 sa mhórleabhar ginearálta agus cuireadh €9 de dhochar i gcuntas an tsoláthraí.

(iv) Chuir Ó Gallchóir earraí ar chostas €650 ar ais chuig soláthraí agus bhreac sé é sin i gceart sna leabhair. Ach tháinig nóta creidmheasa isteach a thaispeáin asbhaint de 10% mar tháille athstocála. Cuireadh méid iomlán an nóta creidmheasa sin chun dochair i gcuntas an chreidiúnaí. Ní dhearnadh aon iontráil eile sna leabhair maidir leis an nóta creidmheasa.

(v) Fuarthas nóta creidmheasa de €580 ó sholáthraí. Ba é an t-aon iontráil a rinneadh sna leabhair ná €58 a cuireadh de shochar i gcuntas an tsoláthraí.

(vi) Bhí custaiméir ag Ó Gallchóir a bhí ina sholáthraí don ghnólacht freisin. Bhí €420 ag dul d'Ó Gallchóir ón gcustaiméir seo agus d'aontaigh siad go ndéanfaidís fiach amháin a fhritháireamh in aghaidh an chinn eile. Rinneadh an fritháireamh seo a iontráil mar €240 sa taobh ceart de chuntas an tsoláthraí. Ba é seo an t-aon iontráil a rinneadh sna leabhair.

**Iarrtar ort:**

**(a)** Cuntas rialúcháin mhórleabhar na gcreidiúnaithe coigeartaithe a ullmhú. (24)

**(b)** Sceideal (liosta) na gcreidiúnaithe coigeartaithe a léiríonn an t-iarmhéid tosaigh a ullmhú. (28)

**(c)** (i) Mínigh cén fáth a n-ullmhaítear cuntais rialachúin creidiúnaithe.
(ii) Mínigh an téarma 'táille athstocála' agus tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a bhféadfadh sé tarlú. (8)

**(60 marc)**

**4. Ráiteas Táblach**

Léirítear staid airgeadais Weber Teo., búistéir, ar 01/01/2022 sa chlár comhardaithe seo:

| **Clár Comhardaithe mar a bhí ar 01/01/2022** | | | |
|---|---|---|---|
| | **Costas** | **Dímheas go dáta** | **Glan** |
| **Sócmhainní Seasta** | **€** | **€** | **€** |
| Talamh agus Foirgnimh | 820,000 | 75,000 | 745,000 |
| Feithiclí | 86,000 | 30,500 | 55,500 |
| | 906,000 | 105,500 | 800,500 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoc | 38,000 | | |
| Féichiúnaithe (lúide soláthar 3%) | 66,445 | 104,445 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: **suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain** | | | |
| Creidiúnaithe | 53,700 | | |
| Banc | 18,650 | | |
| CBL | 5,230 | 77,580 | 26,865 |
| | | | 827,365 |
| **Maoinithe ag** | | | |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | |
| Údaraithe – 1,000,000 gnáthscair de €1 an ceann | | | |
| Eisithe – 750,000 gnáthscair de €1 an ceann | | 750,000 | |
| Scairbhiseach | | 10,000 | |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais | | 67,365 | 827,365 |
| | | | 827,365 |

Rinneadh na bearta seo a leanas le linn 2022:

| | |
|---|---|
| Eanáir | Bheartaigh Weber Teo. an talamh agus na foirgnimh a athluacháil ar 01/01/2022 ar €950,000. Baineann €150,000 den luach nua leis an talamh. |
| Feabhra | Cheannaigh Weber Teo. gnólacht tadhlach ar 01/02/2022 a raibh foirgnimh €126,000, féichiúnaithe €17,600 agus creidiúnaithe €22,000 san áireamh ann. Glanadh an praghas ceannaigh trí 120,000 scair in Weber Teo. a thabhairt don díoltóir ar bhiseach 20c an scair. |
| Aibreán | Bheartaigh an bhainistíocht ar 30/04/2022 go méadófaí an soláthar in aghaidh drochfhiach go 4% de na féichiúnaithe gan íoc. |
| Meith. | Fuarthas ráiteas bainc ar 30/06/2022 a léirigh aistriú creidhmheasa €3,600 a fuarthas chun 9 mí cíosa a chlúdach agus a fuarthas roimh ré ó 01/06/2022 agus dochar díreach €6,000 chun rátaí don bhliain dar críoch 30/05/2023 a chlúdach. |
| MFómh | Cuireadh ar ais earraí a dhíol Weber Teo. ar €1,845. San áireamh san fhigiúr seo bhí CBL 23% agus marcáil suas ar chostas de 20%. D'eisigh Weber Teo. nóta creidmheasa €1,650 as moill agus na hearraí seo á gcur ar ais. |
| Samhain | Rinneadh feithicil a chosain €25,500 ar 01/11/2020 a thrádáil isteach in aghaidh feithicil nua a chosain €42,000 ar 01/11/2022. Rinneadh lamháltas de €12,000 don tsean-fheithicil.<br><br>Déantar dímheas ar fheithiclí a ríomh ón dáta ceannaigh go dtí an dáta díola de réir ráta 20% dá gcostas in aghaidh na bliana. |
| Nollaig | Is é an muirear dímheasa ar na foirgnimh don bhliain ná 2% dá luach de réir na leabhar. Tá an muirear dímheasa le ríomh ó dháta na hathluachála nó ó dháta an cheannacháin, de réir mar is cuí.<br>Is é an muirear dímheasa iomlán ar fheithiclí don bhliain ná €18,550. |

**Iarrtar ort:**

An tionchar a bhí ag gach ceann de na bearta thuas ar an tsócmhainn agus ar an dliteanas ábhartha a bhreacadh i ráiteas táblach, agus na sócmhainní agus na dliteanais iomlána ar 31/12/2022 a oibriú amach.

**(60 marc)**

| ROINN 2 (200 marc) |
|---|
| Freagair **dhá** cheist |

**5. Léirmhíniú Cuntas**

Baineadh na figiúirí thíos as cuntais deiridh Uí Mháille Teo., miondíoltóir i dtionscal an mhearbhia, don bhliain dar críoch 31/12/2022. Tá caipiteal údaraithe de €750,000 ag an gcuideachta atá comhdhéanta de 550,000 gnáthscair de €1 an ceann agus 200,000 scair thosaíochta 4% de €1 an ceann. Tá 450,000 gnáthscair agus 100,000 scair thosaíochta 4% eisithe ag Ó Máille Teo. cheana féin.

| **Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2022** | |
|---|---|
| | **€** |
| Díolacháin | 956,000 |
| Costais earraí díolta | (560,000) |
| Speansais oibriúcháin don bhliain | (260,000) |
| Ús don bhliain | (32,000) |
| Glanbhrabús don bhliain | 104,000 |
| Díbhinní íoctha | (40,000) |
| Brabús coinnithe | 64,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2022 | 14,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 31/12/2022 | 78,000 |

| **Cóimheasa agus eolas don bhliain dar críoch 31/12/2021** | |
|---|---|
| Tuilleamh in aghaidh na gnáthscaire | 23c |
| Cumhdach díbhinne | 2.57 uair |
| Luach margaidh aon ghnáthscaire | €1.25 |
| Toradh ar chaipiteal in úsáid | 14.28% |
| Giaráil | 35% |
| Cumhdach úis | 7.12 uair |
| Cóimheas mear | 1.5:1 |
| Cóimheas idir praghas agus tuilleamh | 5.43 uair |

| **Clár comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2022** | | |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Sócmhainní Seasta** | | 670,000 |
| Infheistíochtaí (luach margaidh 31/12/2022, €310,000) | | 300,000 |
| | | 970,000 |
| **Sócmhainní Reatha** (stoc €42,000 san áireamh) | 140,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain** | | |
| Creidiúnaithe trádála | (50,000) | |
| Creidiúnaithe eile | (32,000) | 58,000 |
| | | 1,028,000 |
| **Maoinithe ag**: | | |
| Bintiúir 8% (2026 urraithe) | | 400,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | |
| Gnáthscaireanna de €1 an ceann | 450,000 | |
| Scaireanna tosaíochta 4% de €1 an ceann | 100,000 | |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais | 78,000 | |
| | | 628,000 |
| | | 1,028,000 |

Is é luach margaidh aon ghnáthscair amháin ar 31/12/2022 ná **€1.30**.

**(a)** **Iarrtar ort iad seo thíos a ríomh do 2022**:
(déan gach áireamh go dtí **dhá** ionad dheachúlacha de réir mar is cuí).

(i) An stoc tosaigh más é 14 ráta láimhdeachais an stoic, bunaithe ar an meánstoc

(ii) An toradh ar chaipiteal in úsáid

(iii) Cóimheas idir praghas agus tuilleamh

(iv) Cumhdach díbhinne

(v) Toradh díbhinne. (50)

**(b)** Cuir in iúl cé acu a bheadh nó nach mbeadh na sealbhóirí bintiúr sásta le feidhmíocht agus le staid reatha na cuideachta, agus lena bhfuil i ndán di amach anseo. Bain úsáid as cóimheasa agus eolas ábhartha eile chun tacú le do fhreagra. (40)

**(c)** (i) Idirdhealaigh idir na téarmaí 'leachtacht' agus 'sócmhainneacht' agus iad in úsáid in anailís cóimheasa.

(ii) Is comhartha í leachtacht éiritheach a léiríonn bainistíocht stuama.
Pléigh go hachomair. (10)

**(100 marc)**

## 6. Cuntais Fhoilsithe

Tá scairchaipiteal údaraithe €800,000 ag Ó Goidín Teo. roinnte ina 500,000 gnáthscair de €1 an ceann agus 300,000 scair thosaíochta 4% de €1 an ceann. Baineadh an comhardú thíos as na leabhair ar 31/12/2022:

| | € | € |
|---|---|---|
| Foirgnimh ar a gcostais | 750,000 | |
| Foirgnimh – dímheas carntha ar 01/01/2022 | | 60,000 |
| Feithiclí ar a gcostais | 510,000 | |
| Feithiclí – dímheas carntha ar 01/01/2022 | | 204,000 |
| Infheistíochtaí 3% (a ceannaíodh 01/02/2022) | 300,000 | |
| Féichiúnaithe agus creidiúnaithe | 291,000 | 356,000 |
| Stoc 01/01/2022 | 69,000 | |
| Paitinn 01/01/2022 | 95,000 | |
| Speansais riaracháin | 109,000 | |
| Costais dáileacháin | 444,000 | |
| Árachas | 8,000 | |
| Drochfhiacha | 2,500 | |
| Ceannacháin agus díolacháin | 1,650,000 | 2,730,000 |
| Ioncam ó chíosanna | | 50,000 |
| Brabús ar dhíol talún | | 85,000 |
| Díbhinní íoctha | 27,000 | |
| Banc | 89,000 | |
| CBL | | 5,000 |
| Bintiúir 6% (2028 urraithe) | | 200,000 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais ar 01/01/2022 | | 50,000 |
| Ioncam infheistíochta | | 7,000 |
| Caipiteal eisithe | | |
| Gnáthscaireanna | | 300,000 |
| Scaireanna tosaíochta 4% | | 250,000 |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | | 23,500 |
| Ús bintiúir íoctha | 9,000 | |
| Lascaine | | 33,000 |
| | 4,353,500 | 4,353,500 |

Baineann an t-eolas seo a leanas le hábhar:

(i) Stoc ar 31/12/2022, €90,000.

(ii) Le linn na bliana, díoladh an talamh taobh le háitreabh na cuideachta ar €250,000, agus a chosain €165,000 roimhe sin. Ag deireadh na bliana d'athluacháil an chuideachta a cuid foirgneamh ar €930,000. Is mian leis an gcuideachta an luach seo a léiriú i gcuntais na bliana seo.

(iii) Déan soláthar dóibh seo: ús bintiúir dlite; ioncam infheistíochta dlite; táillí iniúchóra €16,000; táillí stiúrthóra €45,000 agus cáin chorparáide €99,000.

(iv) San áireamh sna costais dáileacháin tá €14,000 as coimisiún a tuilleadh.

(v) Tá dímheas ar fhoirgnimh le soláthar ar ráta 2% in aghaidh na bliana de réir méid cothrom agus le leithdháileadh mar 20% ar chostais dáileacháin agus 80% ar speansais riaracháin. Níor ceannaíodh ná níor díoladh foirgnimh le linn na bliana.
Tá dímheas le déanamh ar fheithiclí ar ráta 20% in aghaidh na bliana ar bhonn iarmhéid laghdaitheach.

(vi) Fuarthas an phaitinn ar 01/01/2018 ar €171,000. Tá sí á hamúchadh thar 9 mbliana i dtráthchodanna cothroma. Tá an t-amúchadh le háireamh i gcostas na ndíolachán.

(vii) Tá iarfhostaí ag agairt an dlí ar an gcuideachta ar bhonn dífhostú éagórach. Tá cúiteamh €72,000 (pá dhá bhliain) á lorg ag an iarfhostaí. Chomhairligh foireann dlí na cuideachta go ndearnadh de réir na nósanna imeachta go léir is cuí le linn an dífhostaithe agus gur mar gheall air sin nach dócha go mbeidh an cúiteamh le híoc leis an iarfhostaí. Fuair an chuideachta sonrasc ar luach €9,000.

**Iarrtar ort:**

**(a)** Cuntas brabúis agus caillteanais foilsithe Uí Ghoidín cpt a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2022, agus an clár comhardaithe mar a bhí ar an dáta sin de réir Achtanna na gCuideachtaí agus na gcaighdeán cuntasaíochta cuí, a thaispeánann na nótaí seo a leanas:

1. Nóta ar bheartas cuntasaíochta faoi shócmhainní seasta inláimhsithe agus stoc.
2. Brabús oibriúcháin.
3. Sócmhainní seasta inláimhsithe.
4. Dibhinní.
5. Dliteanas Teagmhasach. (90)

**(b)** (i) Mínigh a bhfuil i gceist le iniúchadh.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar na tosca a chuirfidh iniúchóir san áireamh agus tuairim á baint aige/aici chun a dtuarascáil a ullmhú. (10)

**(100 marc)**

## 7. Cuideachta Seirbhíse

San áireamh i sócmhainní agus dliteanais Gléigeal Teo., clinic fiaclóireachta, ar 01/01/2022, bhí an méid seo a leanas:

Clinic ar a chostas €800,000; trealamh ar a chostas €130,000; glantachán ar conradh réamhíoctha €400; stoc soláthairtí fiaclóireachta le húsáid sa chlinic €7,000; stoc táirgí fiaclóireachta don siopa €8,000; creidiúnaithe na soláthairtí fiaclóireachta don chlinic €3,000; táillí dlite ó othair phríobháideacha €2,100; ús infheistíochta dlite €800.
Bhí caipiteal údaraithe €800,000 agus caipiteal eisithe €450,000 ag an gcuideachta.

**Tá 3 bliana de dhímheas carntha ag na sócmhainní go léir ar 01/01/2022.**

Seo a leanas cuntas fáltas agus íocaíochtaí don bhliain dar críoch 31/12/2022:

**Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí Gléigeal Teo. don bhliain dar críoch 31/12/2022**

| | **€** | | **€** |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid sa bhanc 01/01/2022 | 54,000 | Solas agus teas | 8,300 |
| Fáltais ó othair phríobháideacha | 198,000 | Glantachán ar conradh sa chlinic | 9,200 |
| Fáltais ón scéim cártaí leighis | 106,000 | Postas | 1,500 |
| Ús ar infheistíochtaí 4% (4 mhí) | 1,600 | Árachas | 6,300 |
| Díol táirgí fiaclóireachta sa siopa | 53,000 | Ceannacháin – táirgí fiaclóireachta don siopa | 23,000 |
| Díol trealaimh (costas €15,000) | 5,400 | Ceannacháin – soláthairtí fiaclóireachta don chlinic | 31,500 |
| | | Teileafón agus leathanbhanda | 1,900 |
| | | Pá agus tuarastail | 72,000 |
| | | Trealamh | 27,500 |
| | | Rátaí | 11,600 |
| | | Aisíocaíocht iasachta bainc móide 16 mí úis 3% in aghaidh na bliana ar 01/08/2022 | 83,200 |
| | ________ | Iarmhéid sa bhanc 31/12/2022 | 142,000 |
| | 418,000 | | 418,000 |

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

(i) Stoc deiridh ar 31/12/2022: soláthairtí fiaclóireachta €1,800; táirgí ar díol sa siopa €6,200; ola téimh €400.

(ii) Déantar an glantachán ar conradh, atá iníoctha go míosúil roimh ré, agus tá íocaíocht de €750 do mhí Eanáir 2023 san áireamh ann.

(iii) San áireamh i dtáillí na n-othar príobháideach bhí €4,700 d'obair a bhí le déanamh in 2023. Is iad €1,800 agus €2,700 faoi seach na táillí dlite ar 31/12/2022 ó chustaiméirí príobháideacha agus ó scéim na gcártaí leighis.

(iv) Ní chuirtear san áireamh san iarmhéid deiridh bainc muirir bhainc €90 ná seic obtha €950 a fuarthas ó othar príobháideach i leith táillí ar obair a rinneadh in 2022.

(v) San áireamh i bPá agus tuarastail tá €26,000 in aghaidh na bliana a íocadh leis an rúnaí atá i bhfeighil an tsiopa freisin. Meastar gurb é 30% den tuarastal seo, €1,150 den árachas, €1,500 den solas agus teas, agus €600 den teileafón agus leathanbhanda an méid a bhaineann leis an siopa.

(vi) Ba é €3,800 a bhí dlite do chreidiúnaithe i leith soláthairtí fiaclóireachta ar 31/12/2022.

(vii) Tá soláthar le déanamh in aghaidh dímheasa mar seo a leanas:
Clinic - 2% dá chostas in aghaidh na bliana.
Trealamh - 20% den chostas in aghaidh na bliana.

Is é polasaí dímheasa an ghnólachta i leith trealaimh ná dímheas iomlán bliana i mbliain a fhála agus faic i mbliain a dhiúscartha. Le linn an bliana rinneadh trealamh a chosain €15,000 in 2019 a dhíol ar €5,400. An lá céanna, ceannaíodh trealamh nua ar €27,500.

(viii) Ar 31/12/2022 bheartaigh Gléigeal Teo. an clinic a athluacháil go €950,000.

**Iarrtar ort:**

**(a)** Ráiteas faoi chúlchistí na cuideachta (iarmhéid brabúis agus caillteanais) ar 01/01/2022 a ullmhú. (18)

**(b)** An brabús agus an caillteanas don siopa a ríomh don bhliain dar críoch 31/12/2022. (Taispeáin do chuid oibre.) (10)

**(c)** Cuntas brabúis agus caillteanais a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2022. (38)

**(d)** Clár comhardaithe ar 31/12/2022 a ullmhú. (24)

**(e)** Tá Gléigeal Teo. ag smaoineamh ar na táillí dá gcustaiméirí príobháideacha a mhéadú de 10% mar gheall ar mhéadú sna costais reatha. Mínigh, le tagairt do na cuntais, an chomhairle a thabharfá do bhainistíocht Gléigeal Teo. maidir leis an méadú molta seo ar tháilí. (10)

**(100 marc)**

**ROINN 3 (80 marc)**
Freagair ceist **amháin**

**8. Costáil Imeallach agus Costáil Ionsúcháin**

**(a)** Déanann Mac Liam Teo. aon táirge amháin. Seo thíos cuntas brabúis agus caillteanais na cuideachta don bhliain dar críoch 31/12/2022, tréimhse inar táirgeadh agus inar díoladh 80,000 aonad, mar a leanas:

| | **€** | **€** |
|---|---|---|
| Díolacháin (80,000 aonad) | | 2,160,000 |
| Ábhair | 420,000 | |
| Saothar díreach | 376,000 | |
| Forchostais mhonarchan | 340,000 | |
| Speansais riaracháin | 152,500 | |
| Speansais díola | 182,750 | 1,471,250 |
| Glanbhrabús | | 688,750 |

Is costais athraitheacha iad na hábhair agus an saothar díreach.

Seachas coimisiún díolacháin 5% de dhíolacháin, is costais sheasta iad speansais díola agus riaracháin.

Is costais mheasctha iad forchostais mhonarchan, agus is mar seo thíos a bhí siad san am atá thart:

| Bliain dar críoch | Táirgeadh (aonaid) | Forchostais mhonarchan in € |
|---|---|---|
| 31/12/2021 | 100,000 | 420,000 |
| 31/12/2020 | 70,000 | 300,000 |
| 31/12/2019 | 25,000 | 120,000 |

**Iarrtar ort:**

(i) Na heilimintí athraitheacha agus seasta de na forchostais mhonarchan a ríomh agus an modh ard/íseal á úsáid agat. (Taispeáin do choid oibre.)

(ii) a) Pointe cóimheá agus lamháil sábháilteachta na cuideachta a ríomh.

b) Brí an téarma 'lamháil sábháilteachta' a mhíniú. Déan tagairt do na figiúirí a ríomh tú i bpáirt (ii)(a) i do fhreagra.

(iii) An líon aonad is gá a dhíol ar €30 an t-aonad a ríomh chun go ndéanfar brabús de 10% den ioncam díolachán a thuilleamh ó na haonaid chéanna sin.

(iv) An praghas díola is gá don chuideachta a ghearradh in aghaidh an aonaid in 2023, más rud é

- go méadaítear an coimisiún díolachán go 6% de dhíolacháin, agus
- go méadaítear costais sheasta freisin de 10%

Fanfaidh méid na ndíolachán agus an méid brabúis a thuillfear mar a chéile.

**(b)** Tháirg Spéir Teo. 12,000 aonad de tháirge Q le linn na bliana dar críoch 31/12/2022. Díoladh 9,000 de na haonaid seo ar €6 in aghaidh an aonaid. Is mar seo a leanas a bhí na costais táirgeachta:

| | |
|---|---|
| Ábhair Dhíreacha | €0.80 in aghaidh an aonaid |
| Saothar Díreach | €1.75 in aghaidh an aonaid |
| Forchostas Athraitheach | €0.60 in aghaidh an aonaid |
| Forchostas Athraitheach Seasta don bhliain | €4,000 |

**Iarrtar ort:**

(i) Ráitis bhrabúis agus chaillteanais a ullmhú faoi na prionsabail a bhaineann le costáil imeallach agus costáil ionsúcháin do Spéir Teo.

(ii) Breac-chuntas a thabhairt ar na tairbhí a bhaineann le costáil ionsúcháin.

**(80 marc)**

**9. Buiséadú**

Tá Lúipín Teo. ag ullmhú le haghaidh gnólacht a bhunú ar 01/01/2024. Tá Lúipín ag beartú €80,000 a lóisteáil i gcuntas bainc an ghnólachta.
Rinne Lúipín Teo. an réamhaisnéis seo do na chéad sé mhí trádála:

| | Eanáir | Feabhra | Márta | Aibreán | Bealtaine | Meitheamh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Díolacháin | €468,000 | €544,500 | €567,000 | €585,000 | €594,000 | €661,000 | €3,419,500 |
| Ceannacháin | €436,000 | €320,000 | €325,000 | €330,000 | €335,000 | €345,000 | €2,091,000 |

(i) Meastar gurb é €50 an t-aonad a bheidh sa phraghas díola.

(ii) Meastar go mbeidh an patrún bailithe airgid ó dhíolacháin mar seo a leanas:

**Custaiméirí airgid:** In airgead síos a thiocfaidh 40% den ioncam ó dhíolacháin agus ceadófar lascaine 5%.

**Custaiméirí creidmheasa:** Tiocfaidh 60% den ioncam ó dhíolacháin ó chustaiméirí creidmheasa. Íocfaidh na féichiúnaithe sin a mbillí 60% sa mhí i ndiaidh díola agus an fuílleach sa dara mí i ndiaidh díola.

(iii) Meastar go mbeidh an patrún íocaíochta airgid mar seo a leanas:

**Soláthraithe Creidmheasa** Íocfar as na ceannacháin de 50% sa mhí i ndiaidh ceannaigh nuair a gheofar lascaine airgid 2%. Íocfar as na ceannacháin eile sa dara mí i ndiaidh ceannaigh.

(iv) Déanfar speansais an ghnólachta a réiteach mar seo a leanas:

**Costais Ionchais** Pá €84,500 in aghaidh na míosa, iníoctha de réir mar a thabhaítear é.
Forchostais athraitheacha €4 an t-aonad, iníoctha de réir mar a thabhaítear iad.
Forchostais sheasta (dímheas san áireamh) €82,000 in aghaidh na míosa, iníoctha de réir mar a thabhaítear iad.

**Costais Chaipitil** Ar 01/01/2024 ceannófar trealamh ar chostas €36,000 ag a mbeidh saolré fhóinteach 5 bliana agus dramhluach 5% den chostas tosaigh.
Chun an ceannach seo a mhaoiniú, gheofar iasacht €24,000 a chuirfear faoi urrús ar 01/01/2024. Gearrfar ús ag 8% in aghaidh na bliana.
Beidh an t-ús do gach mí le híoc ar an lá deireanach den mhí, bunaithe ar an méid den iasacht a bheidh gan íoc ar an dáta sin. Beidh an tsuim chaipitil le haisíoc i 32 tráthchuid mhíosúil dar tús 01/02/2024.

**Iarrtar ort:**

**(a)** Buiséad airgid a ullmhú do Lúipín Teo. do gach ceann de na sé mhí ó Eanáir go Meitheamh 2024.

**(b)** Cuntas trádála, brabúis agus caillteanais buiséadaithe do Lúipín Teo. a ullmhú do na sé mhí dar críoch 30/06/2024.

**(c)** (i) Cad iad na tosca ba chóir do Lúipín Teo. a chur san áireamh agus iad ag teacht ar na figiúirí díolachán a mheastar do na chéad sé mhí de 2024?

(ii) Bunaithe ar an mbuiséad airgid a d’ullmaigh tú i bpáirt (a) thuas, cén chomhairle a chuirfeá ar bhainistíocht Lúipín Teo.?

**(80 marc)**

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo